



**An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige**
Department of Children
and Youth Affairs

Rialacha

maidir le

Clár Lacáiste an Fhóirdheontais Plus um Chúram Leanaí Pobail (CCSP)

Bailí do Chlár bhliain 2020/2021

Clár Ábhar

Réamhrá	5
Caibidil 1: Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse	7
1.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse	7
1.2 Stádas Soláthraí Seirbhíse	7
1.3 Clárú Tusla.....	7
1.4 Díchlárú le Tusla	8
1.5 Uimhir Thagartha DCYA	8
1.6 Athrú ar Chúinsí Soláthraí Seirbhíse	8
1.7 Cáilíochtaí Foirne	9
1.8 Riachtanais ar sheirbhísí páirt a ghlacadh i gClár Lacáiste an CCSP	9
1.9 Eolas Teagmhála	9
1.10 Comhaontuithe Cistithe	10
1.11 An Liosta Táillí agus an Féilire Seirbhíse a Chlárú	10
Caibidil 2: Liosta Táillí	11
2.1 Riachtanas Liosta Táillí	11
2.2 Éarlaisí	11
2.3 Roghanna Breise	11
2.4 Tabhartais Shaorálacha.....	11
2.5 Riachtanais go ndéanann tuismitheoirí/caomhnóirí litir eolais faoi tháillí seirbhíse fhaofa a shíniú.....	12
2.6 Athruithe ar Tháillí	12
2.7 Riachtanas Taispeána Cáipéisí	12
2.8 Riachtanas Comhdaithe Cáipéisí.....	12
Caibidil 3: Féilire Seirbhíse	13
3.1 Riachtanas Féilire Seirbhíse	13
3.2 Riachtanas Taispeána Cáipéisí	13
3.3 Athruithe ar Fhéilirí Seirbhíse	13
3.4 Íocaíocht 52 seachtain a fháil ar fhreastal 50 seachtain	13
Caibidil 4 Lacáiste	14
4.1 Cur Síos ar an Lacáiste.....	14
4.2 Cáilitheacht do Stádas Lacáiste.....	14
4.3 Stádas Lacáiste a Choimeád.....	14
4.4 Seirbhísí a oibríonn ar feadh 37 seachtain.....	15
Caibidil 5 Léargas Ginearálta ar Chlár Lacáiste an CCSP.....	16

5.1 Clár Lacáiste an CCSP	16
5.2 Freastal ar bhreis agus seirbhís amháin.....	17
5.3 Saghsanna áiteanna faoi Chlár Lacáiste an CCSP	17
5.4 AIM.....	17
5.5 Dúnadh Seirbhíse.....	17
Caibidil 6: Cáilitheacht do Chlár Lacáiste an CCSP	18
6.1 Cáilitheacht	18
6.2 Eolas a theastaíonn	18
Tábla 1 Cáilitheacht Bhanda Chlár Lacáiste an CCSP	19
Caibidil 7 Leanbh a Chlárú.....	21
7.1 Leanbh a Iontráil ar Chlár Lacáiste an CCSP.....	21
7.2 Clárú Chlár Lacáiste an CCSP ar an PIP.....	21
Caibidil 8 Fuinneoga Bainistíochta Lacáiste	22
8.1 An Fhuinneog Bhainistíochta Lacáiste	22
8.2 Fágálaithe agus Cealuithe	22
8.3 Fuinneoga Bainistíochta Lacáiste 2020/2021	22
Tábla 2 Fuinneoga Bainistíochta Lacáiste	22
Caibidil 9 Achomhairc	23
9.1 An próiseas chun achomharc a dhéanamh do bhanda a ndéantar bronnadh dó	23
Caibidil 10 Freastal	24
10.1 Neamhfhreastal	24
10.2 Cúinsí Speisialta	24
Tábla 3 Cúinsí Speisialta Cáilitheacha	24
Cúinsí Cáilitheacha	24
Asláithreacht Uasta dá bhfuil Fóirdheontas iníoctha	24
10.3 Laghdú ar fhreastal/an PIP a Nuashonrú	25
10.4 Gannfhreastal seasmhach.....	25
10.5 Imeacht ó sheirbhís.....	25
10.6 Eisceacht le riail na tréimhse fógra ceithre seachtaine	27
Caibidil 11: Taifid a Choimeád.....	28
11.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse	28
11.2 Riachtanas chun taifid freastail a choimeád.....	28
11.3 Teip ar thaifid chúí freastail a choimeád.....	28
Treoir Dhea-Chleachtais - Taifid Freastail.....	29
TAIFEAD FREASTAIL SAMPLACH LINBH.....	30

TAIFEAD FREASTAIL SAMPLACH FOIRNE.....	31
Caibidil 12: Comhlíonadh	32
12.1 Freagracht Soláthraí Seirbhíse	32
12.2 Comhad Comhlíonta	32
12.3 Cuairteanna Comhlíonta	33
Caibidil 13: Force Majeure	34
13.1 Force Majeure agus Cistiú.....	34
13.2 Clásal Force Majeure.....	34
13.3 Teagmhas Force Majeure a Thabhairt le Fios	34
13.4 Spriodhata an Phróisis Éilimh Force Majeure	34
Caibidil 14: Feighlithe Leanaí	34
14.1 Cur Síos ar an Lacáiste.....	35
14.2 Clárú le Tusla ag Feighlithe Leanaí	35
Tábla 4 Líonta Uasta Feighlithe Leanaí	35
Caibidil 15: An Fóirdheontas Athlonnaíochta um Chúram Leanaí Pobail (CCSR).....	36
15.1 Léargas Ginearálta ar an CCSR	36
15.2 Cáilitheacht don CCSR.....	36
15.3 Rátaí Chlár an CCSR.....	36
15.4 Beartas Táillí agus an CCSR	36
15.5 Leambh a iontráil ar Chlár an CCSR.....	37
15.6 Rialacha Freastail don CCSR	37
Caibidil 16 An Fóirdheontas Uilíoch um Chúram Leanaí Pobail (CCSU)	38
16.1 Léargas Ginearálta ar an CCSU.....	38
16.2 An CCSU faoi Chlár Lacáiste an CCSP	38
16.3 Cáipéisí riachtanacha	38
16.4 Rátaí Cláir	38
Tábla 5 Rátaí an Fhóirdheontais Uilíoch (an CCSU)	38
16.5 Rialacha Chlár an CCSU	39
Caibidil 17: Riachtanais Airgeadais	40
17.1 Freagrachtaí Soláthraí Seirbhíse	40
17.2 Nósanna Imeachta Tarraingthe Siar agus Aisghabhála.....	41
Caibidil 18: Ceisteanna Coitianta maidir le Clár Lacáiste an CCSP (an CCSU agus an CCSR san áireamh)	42

Réamhrá

Nóta: Is féidir le hathrú teacht ar an eolas sna Rialacha seo de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) maidir le Clár Lacáiste an Fhóirdheontais Plus um Chúram Leanaí Pobail (Community Childcare Subvention Plus, CCSP). Seiceáil Leathanach Baile an PIP go rialta, le do thoil, chun teacht ar nuashonruithe.

Soláthraíonn Clár Lacáiste an CCSP tacaíocht do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil ísealioncam acu chun costais laghdaithe chúram leanaí a fháil ag seirbhísí cúram leanaí rannpháirteacha i rith chlárbhliain 2020/2021. Baineann ‘Lacáiste’ do na leanaí a cláraíodh don CCSP i gclárbhliain 2019/20 agus a bhfuil clárúcháin acu go fóill faoi Chlár Lacáiste an CCSP.

Ní féidir aon chlárúcháin nua a dhéanamh faoi Chlár Lacáiste an CCSP do leanaí nach raibh cláraithe roimhe seo ar an CCSP 2019/20.

Má éiríonn leanbh róshean do Chlár Lacáiste an CCSP, i.e. má bhaineann sé/sí 15 bliana d’aois amach, ní bheidh an thuismitheoir incháilithe a thuilleadh chun costais laghdaithe chúram leanaí a fháil don leanbh seo faoin gclár seo.

Maidir le clárbhliain 2020/2021, i.e. ón 17 Lúnasa 2020 go dtí an 21 Lúnasa 2021, leanfaidh thuismitheoirí leanaí incháilithe a bhí cláraithe ar an CCS (Athlonnaíocht) agus an Fóirdheontas Uilíoch um Chúram Leanaí Pobail (Community Childcare Subvention Universal, CCSU) roimh an 15 Samhain 2019, i bhformhór na gcásanna, lena bhfóirdheontais a fháil faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe. Chun teacht ar eolas breise, féach, le do thoil, caibidlí 15 agus 16 den cháipéis rialacha seo.

Próiseáiltear Clár Lacáiste an CCSP ar líne tríd an Ardán um Chur i bhFeidhm Clár (an PIP). Déanann Pobal an córas PIP a riar, thar ceann na Roinne.

Íoctar an cistiú faofa cúram leanaí go díreach leis an Soláthraí Seirbhíse agus ní mór é a asbhaint go díreach ón táille a ghearrann an tseirbhís ar sholáthar seirbhíse.

Is iad na Coistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae (CCCanna) an chéad áit ar cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus soláthraithe cúram leanaí dul i gcomhairle leis maidir le haon cheisteanna faoi Chlár Lacáiste an CCSP. Cistíonn DCYA na CCCanna chun gníomhú mar an ngníomhaire áitiúil maidir le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (Early Learning and Care, ELC) agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (School Age Childcare, SAC) a sholáthar. Ar mhaithe leis an gcáipéis rialacha seo, ciallaíonn ‘seirbhís’ seirbhís ELC atá cláraithe le Tusla agus/nó seirbhís SAC agus ciallaíonn ‘Soláthraí Seirbhíse’ soláthraí ELC agus/nó SAC.

Cuireann na CCCanna cúnamh agus treoir ar fáil do Sholáthraithe Seirbhíse agus thuismitheoirí maidir leis na cláir chúram leanaí, agus tacaíonn siad le cáilíocht ar aon dul le creatáí agus cuspóirí beartais náisiúnta. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála do do CCC áitiúil ag myccc.ie.

Féadfaidh Soláthraithe Seirbhíse teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Soláthraithe Luathbhlianta ag eypc@pobal.ie nó 01-5117222 chun teacht ar chúnamh chun rialacha Chlár Lacáiste an CCSP a riar, anuas ar aon saincheisteanna teicniúla a bhaineann lena dTairseach PIP. Tá Treoracha Pobal do Chlár Lacáiste an CCSP ar fáil ar an tairseach PIP trí www.pobal.ie.

Mar chuid dár ngealltanas chun cáilíocht chúram agus oideachas luathbhlianta a ardú, cuireadh an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (an NCS) nua i bhfeidhm an 20 Samhain 2019. Is féidir le

tuismitheoirí anois iarratas a dhéanamh go díreach ar an NCS ar thacaíocht airgeadais, a chiallaíonn nach mbeidh ar sholáthraithe páipéarachas tuismitheora a bhainistiú a thuilleadh chun iarratas a dhéanamh ar fhóirdheontais laistigh den scéim seo. Cuireann an NCS tacaíocht airgeadais ar fáil do leanaí incháilithe ó aois 24 seachtain ar aghaidh atá ag freastal ar aon seirbhís chláráithe Tusla a ghlacann páirt. Tá eolas breise ar an NCS ar fáil i dTreoirínte Beartais an NCS, atá ar fáil ar an PIP agus ar láithreán gréasáin DCYA www.dcy.gov.ie agus ar láithreán gréasáin an NCS www.ncs.gov.ie.

Caibidil 1: Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse

1.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse

Tá dualgas orthu siúd a bhfuil cistiú poiblí á fháil acu chun cloí go docht daingean le gach riail atá sa cháipéis iomlán seo, faoi mar a leag an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige amach.

1.2 Stádas Soláthraí Seirbhíse

Caithfidh cuideachta theoranta nó cuideachta gníomhaíochta ainmnithe nó trádálaí aonair nó bord bainistíochta scoile nó eagraíocht neamhbhrabúsach nó comhpháirtíocht a bheith sa Soláthraí Cláraithe.

Rachaidh an Soláthraí Seirbhíse i mbun gach birt réasúnta chun Sláinte, Sábháilteacht agus Leas na leanaí a chosaint a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus chun Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016 agus Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasuithe), 2016 a chomhlíonadh.

1.3 Clárú Tusla

Caithfidh seirbhís a bheith cláraithe le Tusla le bheith incháilithe chun cistiú a fháil ó DCYA. Caithfidh gach saoráid/láthair a oibríonn seirbhís a bheith cláraithe le Tusla, caithfidh uimhir thagartha aonair DCYA a bheith acu agus caithfidh leanaí freastal ar an tsaoráid/an láthair ina bhfuil siad cláraithe. Caithfidh cruthúnas gur cláraíodh le Tusla a bheith ar fáil ar an áitreabh lena iniúchadh, más gá.

Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse a bheith cláraithe le Tusla do na háiteanna atá á soláthar, faoi mar a shainítear faoi 5.3, e.g. ní féidir seirbhísí a chistiú d'áiteanna páirtaimseartha nuair a bhíonn siad cláraithe le Tusla mar sheirbhís sheisiúnach. Tá sé éigeantach go gcláraíonn gach seirbhís a sholáthraíonn cúram leanaí le Tusla. Is féidir teacht ar shonraí iomlána faoi conas seirbhís a chlárú ar láithreán gréasáin Tusla ag www.tusla.ie nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le do CCC áitiúil ag myccc.ie.

Faoi mar a shainmhínítear san [Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013](#), ciallaíonn 'seirbhís luathbhlianta' seirbhís a sholáthraíonn seirbhís réamhscoile agus/nó seirbhís ar aois scoile.

Ciallaíonn seirbhís réamhscoile aon réamhscoil, grúpa súgartha, naíolann lae, crèche, cúram lae nó a mhacasamhail de sheirbhís a fhreastalaíonn ar leanaí réamhscoile.

Freastalaíonn seirbhís ar aois scoile ar leanaí faoi aois 15 bliana atá cláraithe i scoil a sholáthraíonn oideachas bunscoile nó iar-bhunscoile agus soláthraíonn sé réimse gníomhaíochtaí atá ina ngníomhaíochtaí forbartha, oideachasúla agus caitheamh aimsire i dtaobh cineáil de agus a thiteann amach lasmuigh d'uaireanta scoile, ach ní áirítear leis na seirbhísí siúd nach soláthraíonn ach gníomhaíochtaí a bhaineann leis an méid seo a leanas —

- i. Na hEalaíona.
- ii. Obair don ógra.
- iii. Spórt iomaíoch nó caitheamh aimsire.
- iv. Teagasc.

v. Teagasc reiligiúnach.

Tabhair faoi deara, le do thoil, mura soláthraíonn seirbhís ach tacaíocht chun obair bhaile a sholáthar, ní mheastar go bhfuil cúram leanaí á sholáthar ag an saghas seo seirbhíse agus ní gá di a bheith cláraithe le Tusla faoi láthair. Tabhair faoi deara, freisin, le do thoil, níl na saghsanna seo seirbhísí incháilithe chun cistiú a fháil faoi Chlár Lacáiste an CCSP. Déan teagmháil le do CCC áitiúil, le do thoil, chun teacht ar eolas breise.

1.4 Díchlárú le Tusla

Mar an Rialálaí Neamhspleách, is é ról Tusla chun monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus cáilíocht chúram agus tacaíocht leanaí i soláthar luathbhlianta le comhlíonadh na rialachán a chinntiú. Nuair a dhéantar sárúithe comhsheasmhacha agus tromchúiseacha, is féidir le Tusla dul i mbun gnímh, a fhad le hionchúiseamh agus seirbhísí luathbhlianta a bhaint ón gclár, na gníomhartha siúd san áireamh.

Má eisíonn Tusla fógra um baint ón gclár, tá tuismitheoir i dteideal a leanbh a bhaint ón tseirbhís agus an leanbh a athchlárú i seirbhís nua i rith thréimhse an fhógra gan bheith orthu an gnáth-thréimhse fógra ceithre seachtaine a thabhairt don tseirbhís, de réir na rialacha maidir le freastal i gCaibidil 10 den cháipéis seo. Ar an ábhar, tá go dtí deireadh thréimhse leanúnach 12 sheachtain chun glacadh le háit chúram leanaí ar Chlár Lacáiste an CCSP i seirbhís chláráithe chun an stádas Lacáiste a choimeád (féach Caibidil 4.3: Stádas Lacáiste a Choimeád).

1.5 Uimhir Thagartha DCYA

Caithfidh gach saoráid/láthair a oibríonn seirbhís a bheith cláraithe le Tusla, caithfidh uimhir thagartha aonair DCYA a bheith acu agus caithfidh leanaí freastal ar an tsaoráid/an láthair ina bhfuil siad cláraithe. Chun uimhir thagartha nua DCYA a iarraidh, tabhair cuairt, le do thoil, ar an HIVE agus lean na céimeanna sa treoir seo.

1.6 Athrú ar Chúinsí Soláthraí Seirbhíse

Caithfidh seirbhís reatha uimhir thagartha nua DCYA a iarraidh faoi na cúinsí seo a leanas.

- i. I gcás aistriú úinéireachta ar sheirbhís, caithfidh an tseirbhís cuairt a thabhairt ar HIVE leis na sonraí ábhartha go léir chun uimhir thagartha nua DCYA a iarraidh.
- ii. I gcás athrú ar stádas dlíthiúil seirbhíse, caithfidh an tseirbhís cuairt a thabhairt ar HIVE leis na sonraí ábhartha go léir chun uimhir thagartha nua DCYA a iarraidh.
- iii. I gcás athrú ar sheoladh seirbhíse, caithfidh an tseirbhís a chinntiú go gcláraítear an seoladh/an t-áitreabh nua le Tusla agus caithfidh an tseirbhís cuairt a thabhairt ansin ar HIVE leis na sonraí ábhartha go léir chun uimhir thagartha nua DCYA a iarraidh.
- iv. I gcás fairsingiú seirbhíse chun áitreabh breise atá cláraithe le Tusla, caithfidh an tseirbhís a chinntiú go gcláraítear an seoladh/an t-áitreabh nua le Tusla agus caithfidh an tseirbhís cuairt a thabhairt ar HIVE leis na sonraí ábhartha go léir chun uimhir thagartha nua DCYA a iarraidh. Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfidh na leanaí atá ag freastal ar an áitreabh nua/breise a bheith cláraithe faoi uimhir thagartha nua DCYA.

1.7 Cáilíochtaí Foirne

Faoin Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016, tá ar an bhfoireann go léir a oibríonn go díreach le leanaí i seirbhís ELC mórdhámhachtain Leibhéal 5, ar a laghad, ar [an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí \(an CNC\)](#), nó a chomhionann faoi mar a mheasann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA), a bheith bainte amach acu.

D'fhoilsigh DCYA liosta de cháilíochtaí a shásaíonn na ceanglais rialála chun oibriú san earnáil ELC in Éirinn. Is féidir teacht ar an liosta seo ar láithreán gréasáin na Roinne.

Mura bhfuil cáilíocht bainte amach ag duine ar liosta cáilíochtaí aitheanta DCYA, tá ar an duine aonair iarratas a dhéanamh ar a gcáilíochtaí a aithint ag EYQualifications@dcya.gov.ie. Le haitheantas a fháil, caithfidh cáilíochtaí ábhar dóthanach a léiriú i limistéir fhorbairt an linbh, oideachais luath-óige agus shláinte agus fholláine an linbh. Tá na Rialacháin á sárú ag iarratasóirí a thosaíonn fostaíocht gan a gcáilíochtaí a bheith aitheanta. Chun teacht ar eolas breise, féach, le do thoil, láithreán gréasáin DCYA, áit a dtabharfar míniú níos mionsonraithe ar an bpróiseas.

1.8 Riachtanais ar sheirbhísí páirt a ghlacadh i gClár Lacáiste an CCSP

Seo a leanas riachtanais nach mór cloí leo sula nglactar páirt i gClár Lacáiste an CCSP:

- I. Caithfear seirbhísí a thabhairt go hiomlán ar an HIVE. Déan teagmháil, le do thoil, leis an Ionad Soláthraithe Luathbhlianta trí ghlaó ar 01 5117222 nó ag eypc@pobal.ie chun teacht ar chabhair le seirbhísí a thabhairt ar an HIVE.
- II. Caithfidh seirbhísí a chuireann Seirbhís ELC ar fáil prionsabail agus caighdeáin luathfhoghlama agus chúraim Aistear agus Síolta a shásamh chun tacú le foghlaim agus forbairt na leanaí uile ó bhreith go haois sé bliana trí churaclam oiriúnach a sholáthar.

1.9 Eolas Teagmhála

Caithfidh Soláthraí Seirbhíse seoladh ríomhphoist a sholáthar a úsáidfear chun cumarsáid a dhéanamh maidir leis an tseirbhís agus tá an ceart ar cosaint ag an Roinn chun eolas tábhachtach, eolas ina measc a bhaineann le hÍocaíochtaí a chur in iúl, go leictreonach. Caithfear seoladh poist a sholáthar freisin. Nuair nach ionann an seoladh baile agus seoladh na saoráide, caithfear an dá sheoladh a sholáthar (ní bhaineann seo le cuideachta theoranta). Caithfear uimhir ghutháin teagmhála, ar féidir teagmháil a dhéanamh leis an PAU/Soláthraí Seirbhíse léi i rith uaireanta oibre, a sholáthar freisin.

Caithfidh teacht a bheith ag an Soláthraí Seirbhíse ar shaoráidí a chuireann ar a gcumas gnó a dhéanamh ar líne, caithfidh cuntas úsáideora PIP a bheith acu, agus caithfidh gur thug siad an tseirbhís go dtí an HIVE le hiarratas gníomhach ar Chlár an NCS chun páirt a ghlacadh i gClár Lacáiste an CCSP. Riarfaidh an Soláthraí Seirbhíse Clár Lacáiste an CCSP go hiomlán trí PIP. Gheobhaidh siad rochtain ar láithreán gréasáin Pobal (www.pobal.ie) lena chinntiú go bhfuil cur amach acu ar na nósanna imeachta riaracháin cláir ar líne is cothroime le dáta chomh maith leis na Treoracha ábhartha maidir le Clár Lacáiste an CCSP do Sholáthraithe Seirbhíse, atá ar fáil ar an tairseach PIP.

1.10 Comhaontuithe Cistithe

Sásóidh an Soláthraí Seirbhíse gach riachtanas agus beidh Comhaontú Cistithe i bhfeidhm aige/aici leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an 3 Lúnasa 2020 nó roimhe sin. B'fhéidir go gceadófar dáta níos déanaí má mheasann an tAire gur cuí sin.

1.11 An Liosta Táillí agus an Féilire Seirbhíse a Chlárú

Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse liosta táillí agus féilire seirbhíse a uaslódáil chuig an PIP ar a laghad dhá sheachtain sula n-osclaítear an tseirbhís don chlár bhliain nua. Ar an ábhar sin, má osclaítear seirbhís an 17 Lúnasa, ar aon dul le clár bhliain 2020/2021, caithfear an liosta táillí agus féilírí a uaslódáil ar an PIP an 3 Lúnasa 2020 nó roimhe sin. Léireofar sna liostaí táillí go gcuirfear na laghduithe cuí ar tháillí cúram leanaí do thuismitheoirí cáilitheacha i bhfeidhm. Déanfaidh an CCC ábhartha athbhreithniú ar an liosta táillí agus an féilire seirbhíse seo. Chun teacht ar eolas breise, féach, le do thoil, Caibidil 2 agus 3 den cháipéis seo agus na Treoracha ar an PIP.

Caibidil 2: Liosta Táillí

2.1 Riachtanas Liosta Táillí

Caithfidh Liosta Táillí a bheith comhlánaithe ag Soláthraithe Seirbhíse roimh thús chlár bhliain 20/21. Caithfear a thaispeáint i liosta táillí seirbhíse sonraí faoi na táillí go léir a gearradh ar thuismitheoirí, anuas ar shonraí faoi aon mhuirir nó lascaín breise etc. a chuir an tseirbhís i bhfeidhm.

Caithfidh liosta táillí seirbhíse do Chlár Lacáiste an CCSP a bheith ar an PIP an 3 Lúnasa 2020 nó roimhe sin i gcás seirbhísí a bheidh ag oscailt an 17 Lúnasa 2020.

Mura ngearrann Soláthraí Seirbhíse éarlaisí nó mura gcuireann siad aon lascaín nó roghanna breise ar fáil, caithfear é seo a chur san áireamh ar an liosta táillí freisin.

2.2 Éarlaisí

Caithfidh Soláthraí Seirbhíse cur síos cruinn ar an éarlais, an costas iomlán atá ar an éarlais agus an mhinicíocht a d'fhéadfaidís an éarlais a ghearradh, a lua ar a liosta táillí.

Is ionann an éarlais **uasta** is féidir le soláthraí a ghearradh agus íocaíocht dhá sheachtain. Caithfear méid iomlán **fhóirdheontas DCYA a choimeádtar ar éarlais a aisíoc** leis an tuismitheoir/caomhnóir **luaithe a fhaomhtar clárú an linbh**. Níl aon eisceacht ann leis an riail seo.

Ceist a bhfuil ar an soláthraí plé léi is ea cathain agus conas a aisíoctar an éarlais leis an tuismitheoir/caomhnóir, ach moltar, áfach, go ndéantar comhaontú ar an amfhráma seo i dtosach idir an dá pháirtí, i.e. **sula** ndéantar airgead a mhalartú.

Mar shampla: Sa chás gurb ionann táille sheachtainiúil sheirbhíse agus €200 agus gurb ionann an fóirdheontas atá le híoc agus €145, féadfaidh an tseirbhís éarlais dhá sheachtain €400 a ghearradh. A luaithe a fhaomhadh an clárú, aisíocfaidh an tseirbhís suim €290 leis an tuismitheoir.

2.3 Roghanna Breise

Féadfaidh soláthraithe cúram leanáí muirear a ghearradh ar roghanna breise, ach féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir a roghnú nach gcuirfear aon chinn de na roghanna breise ar fáil dóibh. Caithfear roghanna breise a shainaithint ar an liosta táillí ag tús na clár bhliana. Caithfear gach rogha a shainaithint ar bhonn aonair. Ní féidir le seirbhísí tús áite a thabhairt ar bhonn na roghanna breise lena nglactar.

Caithfidh Soláthraí Seirbhíse an méid seo a leanas a thabhairt maidir le haon rogha bhreise a iarrtar ar a liosta táillí: cur síos cruinn ar an rogha, an costas iomlán atá ar an rogha agus an mhinicíocht a d'fhéadfaidh an rogha a bheith ar fáil.

2.4 Tabhartais Shaorálacha

Níor cheart do thuismitheoirí íoc as aon saghas eile de thabhartas anuas ar an méid atá ar liosta táillí na seirbhíse. Ní cheadaítear aon tabhartais éigeantacha shaorálacha.

2.5 Riachtanais go ndéanann tuismitheoirí/caomhnóirí litir eolais faoi tháillí seirbhíse fhaofa a shíniú

Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí Litir Eolais faoi Tháillí Seirbhíse PIP fhaofa a shíniú lena thabhairt le fios go dtuigeann siad na muirir a ghearrfaidh an tseirbhís. Déanann an Roinn/Pobal/an CCC athbhreithniú ar na liostaí táillí.

2.6 Athruithe ar Tháillí

Caithfidh an CCC aon athruithe ar an Liosta Táillí a fhaomhadh i dtosach. Caithfear fógra 20 lá oibre a thabhairt do thuismitheoirí ar aon athrú a dhéanfar ar an Liosta Táillí. Sa chás go ndearnadh an liosta táillí a leasú, caithfear litreacha maidir leis an liosta táillí leasaithe a eisiúint ansin agus caithfidh na tuismitheoirí/caomhnóirí iad a shíniú do chomhaid na seirbhíse. Caithfear cóipeanna de litreacha a eisíodh agus a síníodh ina dhiaidh sin a choimeád i gcomhad ar an áitreabh. Caithfear cóip nuashonraithe de Liostaí Táillí a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís a bhfuil teacht ag tuismitheoirí air, anuas ar aon ardán ar líne a choimeádann an soláthraí ar mhaithe lena seirbhísí a fhógairt.

2.7 Riachtanas Taispeána Cáipéisí

Caithfidh cóip den Liosta Táillí, anuas ar chóipeanna d'aon litreacha caighdeánacha a eisíodh do thuismitheoirí, a bheith foilsithe i limistéar sa tseirbhís atá inrochtana agus infheicthe do thuismitheoirí.

2.8 Riachtanas Comhdaithe Cáipéisí

Caithfidh soláthraithe seirbhíse litir shínithe a bheith i gcomhad acu i dtaca le gach tuismitheoir/caomhnóir linbh ar Chlár Lacáiste an CCSP, ina léirítear na táillí a faomhadh. Caithfidh gurb ionann na táillí seo agus iad siúd a thaispeántar sa Liosta Táillí.

Caibidil 3: Féilire Seirbhíse

3.1 Riachtanas Féilire Seirbhíse

Caithfidh Féilire Seirbhíse a bheith comhlánaithe ag Soláthraithe Seirbhíse roimh thús na clárbhliana. Caithfear an féilire seirbhíse a uaslódáil ar an PIP an 3 Lúnasa 2020 nó roimhe sin do chlárbhliain 2020/2021.

Déanann an Roinn/Pobal/an CCC athbhreithniú ar an bhféilire.

Caithfear féilire seirbhíse a dháileadh ar gach tuismitheoir/caomhnóir ina léirítear na laethanta atá an tseirbhís ceaptha bheith oscailte faoi Chlárbhliain Lacáiste an CCSP 2020/2021.

Caithfidh seirbhísí a bhfuil Conradh acu do Chlár Lacáiste an CCSP a bheith ar oscailt ar feadh ar a laghad 37 seachtain i rith na clárbhliana.

Má tá seirbhís dúnta ar feadh 3 lá nó níos faide in aon seachtain amháin, caitear leis seo mar sheachtain neamhíocaíochta.

3.2 Riachtanas Taispeána Cáipéisí

Caithfidh cóip den fhéilire seirbhíse, anuas ar chóipeanna d'aon litreacha caighdeánacha a eisíodh do thuismitheoirí, a bheith foilsithe i limistéar sa tseirbhís atá inrochtana agus infheicthe do thuismitheoirí, anuas ar aon ardán ar líne a dhéanann an soláthraí a chothabháil ar mhaithe lena seirbhísí a fhógairt.

3.3 Athruithe ar Fhéilirí Seirbhíse

Caithfidh an CCC aon athruithe ar fhéilire seirbhíse a bheith a fhaomhadh i dtosach. Caithfear fógra 20 lá oibre a thabhairt do thuismitheoirí ar aon athrú a dhéanfar ar fhéilire na seirbhíse a luaithe a d'fhaomh an CCC an féilire.

Sa chás gur leasaíodh an féilire, caithfear cóip leasaithe den fhéilire a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís atá infheicthe agus a bhfuil teacht ag tuismitheoirí air, anuas ar ar aon ardán ar líne a choimeádann an soláthraí ar mhaithe lena seirbhísí a fhógairt.

3.4 Íocaíocht 52 seachtain a fháil ar fhreastal 50 seachtain

Más ionann dátaí tosaithe agus críochnaithe do shocrúchán linbh, faoi chlárú, agus 50 seachtain nó níos mó d'fhreastal sa chlárbhliain, íocfar an tseirbhís le haghaidh 52 seachtain.

Ríomhtar íocaíochtaí ag deireadh na clárbhliana.

Chun teacht ar eolas breise ar fhéilirí seirbhíse, déan teagmháil, le do thoil, le do CCC áitiúil nó féach 'Treoir - Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse Chlár Lacáiste an CCSP' de chuid Pobal ar an PIP.

Caibidil 4 Lacáiste

4.1 Cur Síos ar an Lacáiste

Baineann an Lacáiste do dhuine a bhí ina t(h)airbhí de Chlár an CCSP an 15 Samhain 2019, sular seoladh an NCS, agus a roghnaigh gan aistriú chuig an NCS agus, ina ionad sin, a choimeád a leibhéal reatha fóirdheontais do chlár bhliain 2019/20, i.e. ón 18 Lúnasa 2019 go dtí an 14 Lúnasa 2020.

Is féidir leis na tairbhíthe atá incháilithe go fóill, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas a leagtar amach anseo thíos in 4.2, a roghnú chun cúram leanaí fóirdheonaithe a fháil i gClár Lacáiste an CCSP do chlár bhliain 2020/2021, i.e. ón 17 Lúnasa 2020 go dtí an 13 Lúnasa 2021.

4.2 Cáilitheacht do Stádas Lacáiste

Caithfidh leanbh incháilithe na coinníollacha seo a leanas a shásamh:

1. Bheith faoi aois 15 bliana agus na critéir cháilitheachta a shásamh faoi mar a dheimhnítear ag brath ar stádas a dtuismitheora/a gcaomhnóir a bhfuil iarratas á dhéanamh acu leis DEASP agus HSE, sula ndúnfar an CCSP do chlárúcháin nua an 15 Samhain 2019;
2. Bheith ag freastal ar sheirbhís atá cláraithe le TUSLA laistigh de 4 seachtaine i ndiaidh gur osclaíodh an tseirbhís;
3. A bheith cláraithe ag soláthraí seirbhíse ar chóras ar líne an PIP faoina gComhaontú Cistithe de chuid Chlár Lacáiste an CCSP.
4. Bheith ag freastal ar sheirbhís i gcomhréir le saghas agus patrún an tseisiúin ar cláraíodh an leanbh dóibh ar an PIP.

Déanfar seiceáil ag tús chlár bhliain 2020/2021 ar cháilitheacht don stádas Lacáiste, (is é API a dhéanfaidh seo faoi láthair) trí bhunachar sonraí DEASP ag tús HSE (i gcás sealbhóirí cárta leighis).

4.3 Stádas Lacáiste a Choimeád

Chun stádas Lacáiste a choimeád, níor cheart go mbeadh aon bhearna i gcistiú nuair a aistrítear ó sheirbhís amháin go seirbhís eile. Má fhágann leanbh Soláthraí Seirbhíse go deonach, tugtar an tréimhse fógra 4 seachtaine dóibh (fógra in lieu) chun glacadh le háit chúram leanaí ar Chlár Lacáiste an CCSP i seirbhís nua an stádas Lacáiste a choimeád.

Faoi chúinsí inar gá don leanbh seirbhís a fhágáil go neamhdheonach, e.g. dúnadh seirbhíse, tá go dtí deireadh tréimhse leanúnach 12 sheachtain acu chun glacadh le háit chúram leanaí ar Chlár Lacáiste an CCSP i seirbhís chláráithe chun an stádas Lacáiste a choimeád. Ar an ábhar sin, caithfidh an leanbh a bheith ag freastal ar sheirbhís faoi dheireadh an 12ú seachtain. Déantar na 12 sheachtain a shainiú de réir seachtainí neamhíocaíochta/neamh-iníochta. Cuirtear tús leis an tréimhse 12 seachtain díreach i ndiaidh na seachtaine deireanaí a d'fhreastail an leanbh.

Mura gcláraíonn leanbh le seirbhís nua laistigh de na tréimhsí ama a dtugtar cuntas orthu thuas, ní mheasfar a thuilleadh go mbaineann an Lacáiste dóibh agus ba cheart dóibh iarratas a dhéanamh ar chistiú cúram leanaí tríd an NCS.

4.4 Seirbhísí a oibríonn ar feadh 37 seachtain

Beidh leanaí atá cláraithe i seirbhísí a oibrítear i gcaitheamh 37 seachtain féilire agus nach bhfuil ag freastal ar na seirbhísí siúd, ar an ábhar sin, i rith am neamhthéarma i rith an tsamhraidh, in ann an stádas Lacáiste a choimeád a fhad agus

- (1) go bhfreastalaíonn siad ar a rogha seirbhíse atá cláraithe le Tusla tráth nach déanaí ná 4 seachtaine ó thús na clárblíana agus
- (2) go sásaíonn siad critéir incháilithe don Lacáiste.

Caibidil 5 Léargas Ginearálta ar Chlár Lacáiste an CCSP

5.1 Clár Lacáiste an CCSP

Cuirtear tús le Clár Lacáiste an CCSP an 17 Lúnasa 2020 agus beidh sé ar siúl go dtí an 13 Lúnasa 2021. Tugtar an Chlárbhliain air seo.

Soláthraíonn Clár Lacáiste an CCSP tacaíocht do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil ísealioncam acu chun costais laghdaithe chúram leanaí a fháil ag seirbhísí rannpháirteacha amháin. Tá fáil ar liosta de na seirbhísí seo tríd an CCC ábhartha áitiúil (www.myccc.ie).

Féadfaidh seirbhísí freastal ar áiteanna naíonáin, réamhscoile agus iarscoile. Chomh maith leis sin, féadfaidh siad club bricfeasta a chorprú. Féadfaidh roinnt seirbhísí a bheith ina seirbhísí aonair agus freastal ar dhíreach saghas amháin de sheirbhís, e.g. seirbhís iarscoile.

Íocann DCYA pá as comhréir de chostais an chúraim leanaí do leanaí incháilithe (tugtar íocaíocht fóirdheontais ar an íocaíocht sin sa cháipéis seo) agus íocann an tuismitheoir/caomhnóir an fuilleach.

Deimhnítear cáilitheacht an tuismitheora/chaomhnóra bunaithe ar a stádas leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) agus leagtar seo amach i **dTábla 1** sa cháipéis seo.

Baineann ‘Lacáiste’ do leanaí a bhí cláraithe i gclár an CCSP an 15 Samhain 2019 agus a roghnaíonn chun leanúint de bheith rannpháirteach san CCSP.

Déanfar measúnú ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a rinne clárúcháin Lacáiste i dtaobh cáilitheachta ag tús chlárbhliain 2020/2021.

Seolann an Soláthraí Seirbhíse iarratas ar Chlár Lacáiste an CCSP ar aghaidh thar ceann an tuismitheora/chaomhnóra chuig Pobal. Tá fóirdheontas Chlár Lacáiste an CCSP ar fáil ar feadh tréimhse/téarma bliana, i.e. ar feadh 52 seachtain, ar a mhéid, den bhliain ó thús Chlár Lacáiste an CCSP.

Caithfear na clárúcháin go léir a sheoladh ar aghaidh ar an PIP laistigh den chéad Tréimhse Bhainistíochta Lacáiste (ón 10 Lúnasa go dtí an 9 Samhain 2020). Féach Caibidil 8, le do thoil, chun teacht ar eolas breise faoi Thréimhsí Bainistíochta Lacáiste.)

Cuireann Clár Lacáiste an CCSP teacht ar fáil freisin ar íocaíocht uilíoch (an CCSU) atá ar fáil do thuismitheoirí leanaí incháilithe a bhí cláraithe, an 15 Samhain, don CCSU.

Ní féidir aon chlárúcháin nua a dhéanamh faoi Chlár Lacáiste an CCSP do leanaí nach raibh cláraithe roimhe seo ar an CCSP 2019/2020.

5.2 Freastal ar bhreis agus seirbhís amháin

Is féidir áiteanna Chlár Lacáiste an CCSP a dheighilt idir seirbhísí sa chás nach sáraíonn an freastal iomlán áit Choibhéise Lánaimseartha, i.e. cúig lá lánaimseartha.

5.3 Saghsanna áiteanna faoi Chlár Lacáiste an CCSP

Caithfidh seirbhísí áiteanna cúram leanaí ó cheann amháin nó níos mó de na saghsanna seisiúin seo a leanas a chur ar tairiscint. Baineann ráta éagsúil íocaíochta le gach saghas socrúcháin.

- Áiteanna cúram lae iomlán (níos mó ná 5 huair an chloig sa lá)
- Áiteanna páirtaimseartha (idir 3 huair an chloig agus 31 nóiméad agus 5 huair an chloig sa lá)
- Áiteanna seisiúnacha (idir 2 uair an chloig agus 16 nóiméad agus 3 huair an chloig sa lá)
- Áiteanna leathsheisiúin (idir 1 uair an chloig agus 16 nóiméad agus 2 uair an chloig sa lá)

5.4 AIM

Samhail atá dírithe ar leanaí atá sa tSamhail Rochtana agus Chuimsithe (AIM), ina bhfuil seacht leibhéal de thacaíocht chéimnitheach, a aistríonn ó thacaíocht uilíoch go dtí tacaíocht spriocdhírthe, bunaithe ar riachtanais an linbh agus an tsoláthraí réamhscoile. Cuireann sé tacaíochtaí saincheaptha praiticiúla ar fáil bunaithe ar ghá agus ní gá diagnóis fhoirmiúil a dhéanamh ar mhíchumas mar chuid de.

Chun go dtiocfaidh leanbh ar Chlár Lacáiste an CCSP ar thacaíochtaí AIM, caithfidh siad a bheith incháilithe maidir le haois do ECCE. Is é an líon uasta uaireanta an chloig de thacaíocht atá ar fáil i gcás chúnaimh breise Leibhéal 7 AIM 15 huair an chloig sa tseachtain (ar aon dul le freastal lánaimseartha ar ECCE).

Chun teacht ar eolas níos mionsonraithe ar AIM, féach, le do thoil, leathanaigh ghréasáin thiomnaithe AIM ‘Do Thuismitheoirí’, ‘Do Sholáthraithe Seirbhíse’, ‘Nuacht’, agus ‘Ceisteanna Coitianta agus Príomhcháipéisí agus Príomhacmhainní’ ar www.aim.gov.ie.

Beidh do CCC áitiúil (myccc.ie) in ann eolas agus treoir bhreise a thabhairt freisin.

5.5 Dúnadh Seirbhíse

Má dhúnann soláthraí cúram leanaí a s(h)eirbhís, caithfear fógra a sheoladh ar aghaidh i scríbhinn chuig a gCoiste Cúram Leanaí Contae áitiúil láithreach bonn agus chuig pipdocuments@pobal.ie. Má dhúntar seirbhís, tá ar an tseirbhís deireadh a chur le clárú dáta do gach clárú reatha ag dáta an dúnta.

Caibidil 6: Cáilitheacht do Chlár Lacáiste an CCSP

6.1 Cáilitheacht

Caithfidh leanbh a bheith faoi 15 bliana d'aois le bheith incháilithe do Chlár Lacáiste an CCSP. Tá fóirdheontas Chlár Lacáiste an CCSP ar fáil ar feadh a mhéid le 52 seachtain den chlár bhliain do leanaí a cláraíodh sular tosaíodh an NCS. Is féidir teacht ar thábla na Rátaí Banda agus an Fhóirdheontais do Chlár Lacáiste an CCSP i dTábla 1 sa cháipéis seo.

6.2 Eolas a theastaíonn

Deimhnítear cáilitheacht an tuismitheora/an chaomhnóra a dhéanann iarratas bunaithe ar a stádas leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) laistigh de mhí amháin roimh an dáta a thosaíonn an leanbh an Clár.

Deimhnítear leibhéal an fhóirdheontais go príomha trí stádas DEASP an tuismitheora agus tríd an leibhéal cúram leanaí a theastaíonn. Leagtar amach i dTábla 1 den cháipéis seo thíos na critéir cháilitheachta agus na roghanna cúram leanaí agus fóirdheontais ina dhiaidh sin. Níl an liosta seo críochnaitheach.

I gcás sealbhóirí cárta leighis, déanfar seiceáil fíoraithe trí bhunachar sonraí HSE roimh dháta tosaithe an linbh ar an gclár. **Tabhair faoi deara, le do thoil, tá an tseiceáil bunaithe ar an PPSN agus ar Uimhir Aitheantais na Scéime an chárta atá bailí i rith na tréimhse 4 seachtaine seo. I gcás go dteipeann ar eolas an chárta leighis a aisghabháil, is féidir iarraidh ort sonraí breise a sholáthar.** B'fhéidir go mbeidh Dochtúir Ginearálta an teaghlaigh in ann an t-eolas a sholáthar a theastaíonn chun faomhadh a dhéanamh sa chás seo. Tá foirm Fíoraithe Cárta Leighis ar fáil ar an PIP.

D'fhonn cáilitheacht a dheimhniú, teastaíonn Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (PPSN) an tuismitheora/an chaomhnóra agus dáta breithe an linbh nuair atá Foirm Chláraithe Linbh Chlár Lacáiste an CCSP á líonadh. Déanann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí PPSN an tuismitheora/chaomhnóra/an linbh a athbhreithniú agus déanann HSE measúnú orthu le teidlíocht d'fhóirdheontas a dheimhniú agus a fhíorú.

Caithfear cáipéisíocht a chuimsíonn PPSN agus aon eolas eile a mhilleadh a luaithe nach dteastaíonn sí a thuilleadh.

Tábla 1 Cáilitheacht Bhanda Chlár Lacáiste an CCSP

Leibhéal na seirbhíse	Banda A (daoine a bhfuil cárta leighis acu)	Banda AJ (daoine a bhfuil cárta leighis acu)	Banda B	Banda D
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora ▪ Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Cúnamh Feirme/Cúnamh Éisc ▪ Pinsean Stáit (Ranníocach/Neamh-Ranníocach) ▪ Pinsean na nDall ▪ Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach/Neamh-Ranníocach) ▪ Sochar Breoiteachta/Díobhálacha ▪ Liúntas Míchumais ▪ Sochar/ Liúntas Cúramóra ▪ Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair/Oideachas ▪ Scéim Fostaíochta Pobail/Shóisialta Tuaithe ▪ Liúntas Cúram Baile ▪ Íocaíocht Teaghlaigh atá i bhFostaíocht (tugadh Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT) air roimhe seo) ▪ Scoláirí Meánscoile ▪ Pinsean Easláine ▪ Pinsean Míchumais ▪ TÚS ▪ Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha Gateway ▪ Gateway ▪ Sochar Cumais Pháirtigh 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Sochar/ Liúntas Cuardaitheora Poist* ▪ Liúntas Leasa Forlíontach** ▪ Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist ▪ Jobpath ▪ Liúntas Fiontraíochta Gearrthréimhseach 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cárta Leighis ▪ Tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh á bhfáil acu a liostaítear faoi Bhanda A/AJ ach nach bhfuil cárta leighis acu 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cárta Cuairte Dochtúra *** (leanaí 6 bl. d'aois + amháin) ▪ Tuismitheoirí/caomhnóirí nach gcáilítear iad a thuilleadh do Bhanda A/AJ i mbliana ach ar deimhníodh iad a bheith i mBanda A/AJ ag deireadh na scoilbhliana roimhe seo
Íocaíocht lae iomláin (5 huairé +)	€145	€80	€70	€50
Íocaíocht pháirtaimseartha (3:31 – 5:00)	€80	€80	€35	€25
Íocaíocht sheisiúnach (2:16 – 3:30)	€45	€45	€25	€17
Íocaíocht leathsheisiúin (1:00 – 2:15)	€22.50	€22.50	€12.50	€8.50

Nóta faoi Thábla 1

*Liúntas/sochar cuardaitheora poist:

Cáilítear tuismitheoirí/caomhnóirí a cháilíonn do Bhanda AJ (le cárta leighis) do chúram leanaí fóirdheonaithe a mhéid le fóirdheontas €80 do chúram lae iomláin sa tseachtain. (Don chéad agus an dara lá, tá an fóirdheontas bunaithe ar an ráta céanna laethúil atá ag Banda A). Bíonn an chaidhp seo i gceist nuair a fhreastalaíonn leanbh idir 3 lá iomlána agus 5 lá iomlána sa tseachtain.

Cáilítear tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil Sochar/Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil acu agus **nach** bhfuil cárta leighis acu do chúram leanaí fóirdheonaithe faoi Bhanda B.

Tionscnamh de chuid DEASP is ea ‘JobPath’ d’fhaighteoirí Sochair/Liúntais Cuardaitheora Poist

**An Scéim Liúntais Leasa Fhorlíontaigh

Féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir a bhfuil íocaíochtaí bunúsacha á bhfáil aige/aici faoin Scéim Liúntais Leasa Forlíontaigh, agus atá ag feitheamh le cinneadh faoi éileamh achomharc a dhéanamh ar an mbanda AJ a bhronntar má éiríonn leis an éileamh.

*** Tá an cárta cuairte dochtúra do leanaí 6 bl. d’aois + amháin

Níl an cárta cuairte dochtúra uilíoch do leanaí faoi 6 bliana d’aois incháilithe do Chlár Lacáiste an CCSP.

Tabhair faoi deara, le do thoil: Ní chuirtear aon Bhanda i bhfeidhm go huathoibríoch do na tuismitheoirí siúd a bhfuil **Sochar Máithreachais** á fháil acu, a bhfuil páirt á glacadh acu i **gcúrsa Springboard**, agus/nó sa Scéim Tacaíochta d’Fhostaíocht Óige nó a bhfuil Liúntas Oiliúna ETB/SOLAS á fháil acu. Déanfar cinneadh ar an mbanda cuí bunaithe ar an liúntas a fhaightear láithreach díreach roimh an gcúrsa/gclár/oiliúint/sochar. Caithfidh oifig áitiúil Intreo foirm fíoraithe Chlár Lacáiste an CCSP (atá ar fáil ar leathanach baile an PIP) a líonadh agus a cheangal leis an gclárúchán agus a chur faoi bhráid Pobal lena hathbhreithniú.

Caibidil 7 Leanbh a Chlárú

7.1 Leanbh a Iontráil ar Chlár Lacáiste an CCSP

Caithfidh an Bainisteoir Seirbhíse a dheimhniú agus a chomhaontú le tuismitheoirí/caomhnóirí an líon laethanta, saghas an tseisiúin agus an patrún freastail a bhfuil an leanbh á chlárú dóibh sula gcláraítear an leanbh d'áit i gClár Lacáiste an CCSP ar an PIP.

Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí Foirm Dhearbhaithe Tuismitheora PIP a shíniú lena thabhairt le fios go dtuigeann siad téarmaí an chlár agus go bhfuil na sonraí go léir faoi chlárú an linbh cruinn. Caithfidh taifead ar gach comhaontú a bheith á choimeád ar suíomh ag an soláthraí seirbhíse.

Caithfear a léiriú i gclárú gach linbh ar an PIP patrún freastail féin an linbh. Sa chás gurb ann do neamhréiteach idir freastal agus clárú, caithfidh an soláthraí cúram leanaí an clárú a leasú ar an PIP ag an gcéad Fhuinneog Bhainistíochta Lacáiste eile a bhíonn ar fáil (féach Caibidil 8). Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, b'fhéidir go mbeidh ró-éileamh dlite don Roinn. Aisíocfar ró-éilimh i gcomhréir le Comhaontú Cistithe Chlár Lacáiste an CCSP. Tá treoracha maidir le Leanbh a Chlárú ar fáil ar Thairseach an PIP.

7.2 Clárú Chlár Lacáiste an CCSP ar an PIP

Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse leanaí a chlárú ar chóras ar líne an PIP faoina gComhaontú um Chistiú de chuid Chlár Lacáiste an CCSP. Féach, le do thoil, an Treoir maidir le Clárúcháin Chlár Lacáiste an CCSP trí Leathanach Baile an PIP. Íocfar fóirdheontas i dtaca le leanaí incháilithe le héifeacht ó dháta tosaithe an linbh.

Caibidil 8 Fuinneoga Bainistíochta Lacáiste

8.1 An Fhuinneog Bhainistíochta Lacáiste

Athoscailt thréimhsiúil an PIP is ea “Fuinneog Bhainistíochta Lacáiste” ag amanna ar leith i gcaitheamh na clárbhliana lena ligean do Sholáthraithe Seirbhíse chun leasuithe a dhéanamh ar chlárúcháin reatha chun athruithe ar fhreastal, leibhéal seirbhíse etc. a chur san áireamh.

8.2 Fágálaithe agus Cealuithe

Ceadaítear do Sholáthraithe Seirbhíse chun fágálaithe/cealuithe clárúchán a sheoladh ar aghaidh ag aon tráth, seachas go sonrach i rith Fuinneoga Bainistíochta Lacáiste.

Cuirfear eolas breise ar fáil faoi Fhuinneoga Bainistíochta Lacáiste sa Treoir maidir le Clárúcháin a bhaineann leis an CCSP trí thairseach an PIP.

8.3 Fuinneoga Bainistíochta Lacáiste 2020/2021

Seo a leanas na Fuinneoga Bainistíochta Lacáiste do chlárbhliain 2020/2021:

Tábla 2 Fuinneoga Bainistíochta Lacáiste

Ó	Chuig
An 10 Lúnasa 2020	An 9 Samhain 2020
An 18 Nollaig 2020	An 11 Eanáir 2021
An 12 Feabhra 2021	An 8 Márta 2021
An 26 Márta 2021	An 19 Aibreán 2021
An 25 Meitheamh 2021	An 19 Iúil 2021

*B'fhéidir go ndéanfaidh DCYA/Pobal na dátaí seo a athrú.

Cuirfear i gcuntas, nuair a bhíonn fóirdheontas á n-íoc, nuashonruithe a rinneadh laistigh den Fhuinneog Bhainistíochta Lacáiste roimhe sin.

Caibidil 9 Achomhairc

9.1 An próiseas chun achomharc a dhéanamh do bhanda a ndéantar bronnadh dó

Nuair a faomhadh clárú do bhanda níos lú ná mar a iarradh, is féidir achomharc a dhéanamh mar chuid de Phróiseas Achomhairc Chlár Lacáiste an CCSP.

I ndiaidh don DEASP agus/nó HSE PPSN agus critéir cháilitheachta a dheimhniú, bronnann Pobal bandaí Chlár Lacáiste an CCSP agus seoltar fógra faoi na Bandaí go dtí Seirbhísí.

Tabhair faoi deara, le do thoil, teastaíonn cárta leighis do Bhanda A agus AJ. Mura bhfuil aon fhianaise ann i leith cárta leighis bailí a chumhdaíonn aon chuid de thréimhse cháilitheachta tuismitheora/caomhnóra, ní bheidh an t-iarratasóir in ann Banda A/AJ a fháil. Ní chisteofar seirbhísí ach don bhanda tosaigh a faomhadh don iarratasóir sin.

Tá an ceart ag tuismitheoirí/caomhnóirí chun achomharc a dhéanamh ar a ráta banda má chreideann siad go ndearnadh earráid, nó go bhfuil an t-eolas a sholáthair DEASP/HSE mícheart.

Seolfaidh seirbhísí achomhairc ar aghaidh tríd an PIP. Ní gá do sholáthraí fanacht go dtí go mbíonn Fuinneog Bhainistíochta Lacáiste ar oscailt/á hoibriú chun achomharc a dhéanamh.

I gcás achomharc rathúil, caithfear an t-eolas ceart a cheangal ar an PIP. **CAITHFIDH** an cruthúnas cáilitheachta go léir a bheith dátaithe.

Chun teacht ar eolas breise, féach, le do thoil, cáipéisíocht tacaíochta/treoirínte achomhairc Chlár Lacáiste an CCSP de chuid Pobal, atá ar fáil ar an PIP

Caibidil 10 Freastal

10.1 Neamhfheastal

Mura bhfuil leanbh ag freastal ar an tseirbhís, ba cheart don Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir/caomhnóir lena dheimhniú an chúis a bhí le hasláithreacht an linbh laistigh den chéad seachtain inar cuireadh tús leis an asláithreacht. Nuair nár fheastail leanbh ar an tseirbhís ar feadh ceithre seachtaine i ndiaidh a chéile, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse foirm Fágálaí a líonadh ar an PIP ina luaitear an dáta a d'fheastail an leanbh ar an tseirbhís an uair dheireanach.

10.2 Cúinsí Speisialta

Is féidir le seirbhís iarratas a dhéanamh ar an CCC áitiúil, faoi chúinsí eisceachtúla, chun síneadh a chur leis an gclárúchán ó cheithre seachtaine go dtí sé seachtaine/dhá sheachtain déag. (Féach, le do thoil, Tábla 3 chun teacht ar chásanna a cháilíonn do 'chúinsí speisialta'). Is féidir leis an CCC ábhartha cruthúnas tacaíochta a lorg i leith cúinsí speisialta. Féadtar a áireamh le cruthúnas inghlactha litir nó deimhniú leighis ar féidir leis an soláthraí é a uaslódáil ar an gcóras (faoi mar a sholáthraíonn an tuismitheoir agus le comhaontú an tuismitheora).

Sa chás gur féidir, ba cheart do sholáthraithe iarratas a dhéanamh leis an CCC ábhartha ar chúinsí speisialta roimh dheireadh an 4ú seachtain asláithreachta.

Tábla 3 Cúinsí Speisialta Cáilitheacha

Cúinsí Cáilitheacha	Asláithreacht Uasta dá bhfuil Fóirdheontas iníochta
Bás duine den neasteaghlach	6 seachtaine
Taisteal sínte uair sa bhliain go dtí áit bhreithe an linbh nó áit bhreithe ceachtar de thuismitheoirí an linbh.	6 seachtaine
Breiteacht fhada (breis agus ceithre seachtaine), atá ar an leanbh, ar an tuismitheoir nó ar shiblín.	12 sheachtain

Nuair a sheoltar iarratas ar chúinsí speisialta ar aghaidh agus nuair a dhéanann an CCC ábhartha an cinneadh nach bhfuil cúinsí speisialta i gceist, caithfidh an soláthraí dáta deiridh a lua leis an gclárú agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin (nach féidir leis a bheith níos déanaí ná deireadh na hasláithreachta leanúnaí ceithre seachtaine).

Nuair nach seoltar litir ar bith ar aghaidh i ndiaidh asláithreacht leanúnach sé seachtaine agus nuair nár fhill an leanbh ar an tseirbhís laistigh den am sin, caithfidh an soláthraí dáta deiridh a lua leis an gclárú agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin (nach féidir leis a bheith níos déanaí ná deireadh na hasláithreachta leanúnaí ceithre seachtaine).

Nuair a sheoltar litir ar aghaidh tráth nach déanaí ná sé seachtaine ón asláithreacht tosaigh ach níos déanaí ná ceithre seachtaine (agus luadh dáta deiridh leis an gclárúchán dá bharr), is féidir an clárúchán a athbhunú i rith na chéad Fhuinneoge Bainistíochta Lacáiste eile.

10.3 Laghdú ar fhreastal/an PIP a Nuashonrú

Nuair nach ionann freastal agus clárú i bpatrún comhsheasmhach i gcaitheamh tréimhse ceithre seachtaine, caitheamh clárúcháin a nuashonrú chun an líon iarbhír laethanta a d'fhreastail an leanbh a thabhairt le fios.

Sa chás go gcuirtear seirbhís ar an eolas go bhfuil a leibhéal freastail á laghdú ag leanbh atá cláraithe ar Chlár Lacáiste an CCSP, e.g. anuas ó 4 lá iomlána sa tseachtain go dtí 2 lá iomlána sa tseachtain nó ó lánaimseartha go páirtaimseartha, socróidh an tseirbhís dáta fágála ar an gclárúchán reatha agus athchláróidh sé an leanbh leis leibhéal nua freastail.

Caitheamh nuashonruithe ar chlárúcháin an PIP a chríochnú laistigh den chéad Fhuinneog Bhainistíochta Lacáiste eile a bhíonn ar fáil. Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, b'fhéidir go mbeidh ró-éileamh dlite don Roinn. Aisíocfar ró-éilimh i gcomhréir le téarmaí Chomhaontú Cistithe Chlár Lacáiste an CCSP.

10.4 Gannfhreastal seasmhach

Nuair is ionann freastal agus níos lú ná na huaireanta cláraithe i ngach ceann de na 4 seachtaine roimhe sin, is féidir le seirbhís iarratas a dhéanamh ar an CCC áitiúil chun síneadh a chur leis an gclárú ó cheithre seachtaine go dtí dhá sheachtain déag. Ní féidir na hiarratais seo a dhéanamh ach i gcás breoiteacht fhada, i.e. tá an leanbh, an tuismitheoir nó siblín ag freastal go rialta ar choinní leighis nó teiripeacha.

Sa chás gur féidir, ba cheart do Sholáthraithe Seirbhíse fógra a thabhairt don CCC ábhartha roimh ghannfhreastal leanúnach a bheidh ag teacht aníos nuair a chreideann siad go mbeidh cúinsí speisialta i gceist.

10.5 Imeacht ó sheirbhís

Má fhágann leanbh an tseirbhís, caithfidh Soláthraí Seirbhíse Pobal a chur ar an eolas láithreach agus an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh a lua. Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí fógra ceithre seachtaine a thabhairt do sholáthraithe go mbeidh leanbh ag imeacht ó sheirbhís (gan saoirí/seachtainí a áireamh a bhíonn an tseirbhís dúnta). Cuirfidh seo ar chumas soláthraithe an PIP a nuashonrú agus cuirfead deireadh leis an íocaíocht ar dháta féin an imeachta. I gcásanna nach dtugtar fógra i leith imeachta don soláthraí, is féidir leis an soláthraí fóirdheontas ceithre seachtaine a éileamh in ionad fógra.

Cé gur faoin tuismitheoir/caomhnóir a bhíonn sé a leanbh a bhaint ó sheirbhís ag aon pointe, ní cheadófar dóibh cistiú breise cúram leanaí a fháil fad a thiomnaítear an cistiú faofa don tseirbhís i rith na tréimhse fógra ceithre seachtaine seo.

Tá go dtí deireadh tréimhse leanúnach 4 seachtaine ag an leanbh chun glacadh le háit chúram leanaí ar Chlár Lacáiste an CCSP i seirbhís chláraithe chun an stádas Lacáiste a choimeád. Ar an ábhar sin, caithfidh an leanbh a bheith ag freastal ar sheirbhís faoi dheireadh an 4ú seachtain. Mura bhfuil an leanbh ag freastal ar sheirbhís faoi dheireadh an 4ú seachtain, caillfidh an leanbh an stádas Lacáiste. Féach Caibidil 4, le do thoil, chun teacht ar eolas breise.

10.6 Eisceacht le riail na tréimhse fógra ceithre seachtaine

Is féidir le tuismitheoir/caomhnóir a leanbh a bhaint ó sheirbhís agus iad a athchlárú i seirbhís nua gan bheith orthu an tréimhse fógra ceithre seachtaine a thabhairt nuair a thug Tusla fógra do sheirbhís go bhfuil siad le baint ó chlár Tusla. Ar an ábhar, tá go dtí deireadh tréimhse leanúnach 12 sheachtain ag an tuismitheoir/caomhnóir chun glacadh le háit chúram leanaí ar Chlár Lacáiste an CCSP i seirbhís chláráithe chun an stádas Lacáiste a choimeád (féach Caibidil 4.3: Stádas Lacáiste a Choimeád).

Caibidil 11: Taifid a Choimeád

11.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse

Caithfidh soláthraithe seirbhíse cuntas cruinn a choimeád ar **freastal iarbhír** gach linbh, amanna teachta agus imeachta laethúla ina measc do gach leanbh. Caithfidh gurb ionann clárú na seirbhísí ar an PIP agus an freastal iarbhír (freastal iarbhír an linbh, seachas amanna oscailte an tseisiúin/na seirbhíse) faoi mar a cuireadh i gcountas sna taifid freastail. Is féidir teacht ar chóip de thaifid freastail dea-chleachtas ar leathanach 26 sa cháipéis seo.

11.2 Riachtanas chun taifid freastail a choimeád

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse faofa taifid freastail de na leanaí cláraithe ina gcuirtear i gcountas na huairanta laethúla freastail, ina léirítear ainm iomlán an linbh, dáta an fhreastail agus am teachta agus am imeachta an linbh agus ainm an duine atá freagrach as gach teacht agus imeacht a chur i gcountas. Caithfear a léiriú sa taifead freastail do gach seomra go cruinn na leanaí sa seomra, agus caithfear é a nuashonrú nuair a fhágann nó nuair a iontrálann leanbh. Caithfear teacht agus imeacht gach linbh a chur i dtaifead i bhfíor-am.

Caithfear taifid freastail a choimeád ar an mbealach cuí sin ar dóthanach é lena dheimhniú fad iarbhír freastail gach linbh a ainmnítear i dtaobh uaireanta. Caithfear ainm an linbh a chur i dtaifead ar bhealach comhsheasmhach le patrúin freastail a shainaithint (i.e. más bileoga seachtainiúla atá i gceist leis na taifid freastail, ba cheart go mbeadh ainm an linbh san áit chéanna gach seachtain).

Tabharfar tús áite d'athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid freastail i rith cuairteanna comhlíonta. Féach na riachtanais íosta, le do thoil, faoi mar atá siad leagtha amach sa Treoir maidir le 'Dea-chleachtas maidir le Taifid Freastail', atá ar leathanach 27 sa cháipéis seo.

11.3 Teip ar thaifid chúí freastail a choimeád

Má theiptear ar thaifid freastail chúí a choimeád, b'fhéidir go measfar gur freastalaíodh náid uaireanta. Féadfaidh DCYA íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó a iarraidh go n-aisíoctar aon ró-éileamh a rinneadh ar airgead a íocadh cheana féin don tréimhse atá i gceist.

Má theiptear ar thaifid freastail dhóthanacha a choimeád (e.g. nuair a choimeádtar taifid freastail, ach i bhformáid nach gcuireann ar chumas oifigigh a thugann cuairt chomhlíonta na huairanta a dheimhniú a d'fhreastail leanbh, ar nós trí "ticeanna" a úsáid), b'fhéidir go measfar gur freastalaíodh an líon íosta uaireanta (i.e. seirbhís sheisiúnach/leathsheisiúnach). Féadfaidh DCYA íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó a iarraidh go n-aisíoctar aon ró-éileamh a rinneadh ar airgead a íocadh cheana féin don tréimhse atá i gceist.



Treoir Dhea-Chleachtais - Taifid Freastail

Riachtanas atá i dtaifid mhaithe freastail a choimeád ar mhaithe le Rialacha DCYA maidir le Clár Lacáiste an CCSP agus Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016 agus Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Seirbhísí Aoise Scoile a Chlárú), 2018 a chomhlíonadh. Is féidir taifid freastail a choimeád i bhformáidí éagsúla e.g. leabhair rolla, formáidí seachtainiúla bileoige nó formáidí leictreonacha. Ní ordaíonn Pobal/DCYA aon fhormaid ar leith a úsáid, ach ó pheirspictíocht dea-chleachtais, áfach, tá roinnt leideanna curtha le chéile againn faoi conas is féidir freastal a thaifeadadh go comhsheasmhach chun riachtanais Chláir Chisithe DCYA a shásamh. Chun teacht ar thacaíocht bhreise, déan teagmháil, le do thoil, le do Choiste Cúram Leanaí Contae/Cathrach áitiúil.

Ón Tús

- Cinntigh go bhfuil taifid freastail /leabhair rolla ann do gach seisiún/seomra, clubanna bricfeasta san áireamh.
- Luaigh ainm iomlán an Linbh (de réir thaifid an PIP) - Ná húsáid leasainmneacha.
- Coimeád ainmneacha leanaí de réir sraith chomhsheasmhach ar fud an chórais (éascaíonn seo freastal a rianú). Má thosaíonn leanbh nua leis an tseirbhís, cuir a n-ainm le bun an liosta.
- Úsáid peann gránbhiorach, ná húsáid peann luaidhe.
- Cinntigh go bhfuil fáil ar thaifid freastail/ leabhair rolla ó thús an chórais (nuair a d'éag tréimhse chlárúithe linbh ina measc).
- Cinntigh go gcomhlánaíonn comhalta foirne a oibríonn sa seomra taifid freastail/ leabhair rolla.
- Coimeád Leabhar Sínithe Isteach agus Amach an Tuismitheora glan amach ó na Taifid Freastail /leabhair rolla (más gá).
- Ná húsáid bileoga/dialanna aonair laethúla.
- Dátaigh seachtain an fhreastail.

Gach Lá

- Iontráil am teachta agus imeachta do gach leanbh laistigh den tseirbhís, clubanna larscoile ina measc. (Nuair a bhailíonn seirbhís leanaí ó scoil chun iad a thabhairt chuig seirbhís iarscoile, cuir freastal i gcountas, le do thoil, ón am a bhíonn na leanaí faoi fhreagracht na seirbhísí.) Ná húsáid ticeanna.
- Cinntigh go gcuirtear freastal Foirne i gcountas gach lá ar gach taifead freastail/leabhair rolla gach seomra/seisiúin.

Asláithreacht/ Fágálaí/ Daoine atá ag Bogadh

- Bí comhsheasmhach nuair a bhíonn neamhfreastal á dhoiciméadú e.g. úsáid X i gcónaí nuair a bhíonn duine as láthair.
- Má fhágann leanbh an tseirbhís, fág an t-ainm ar an leabhair rolla agus cuir líne trí na laethanta eile de chóras an chlárú lena thaispeánt gur fágálaí atá sa leanbh.
- Má bhogann leanbh seisiún/seomra laistigh den tseirbhís i rith an chórais – iontráil nóta leis seo a thabhairt le fios ar thaifid freastail/ leabhair rolla.
- Má roinneann leanbh a lá/seachtain ar bhonn leanúnach idir seisiúin/seomraí éagsúla – iontráil nóta leis seo a thabhairt le fios ar thaifid freastail/ leabhair rolla.
- Ba cheart leanbh a chur i dtaifead i dtaifead freastail do gach seomra ar a bhfreastalaíonn siad má bhogann siad seomraí i rith lae/seachtaine.
- Ná húsáid Tippex ar an mbileog freastail/leabhair rolla - coimeád an t-eolas infheicthe má d'fhág leanbh.
- Má tá bileoga seachtainiúla á n-úsáid, coimeád in ord dáta iad agus coimeád go slán sábháilte iad i bhfillteán.
- Cinntigh go bhfuil siad comhsheasmhach agus taispeáin freastal linbh do chóras iomlán.

Taifid Leictreonacha

- Nuair a choimeádtar taifid leictreonacha, **caithfidh** an tseirbhís a bheith in ann tuairiscí seachtainiúla/míosúla a sholáthar do leanaí aonair ina dtaispeántar a leibhéal freastail don chóras go dtí seo. Moltar go gcuirtear na tuairiscí seo i dtoll a chéile go rialta agus go gcuirtear ar fáil iad ar mhaithe le cuspóirí comhlíonta.
- Cinntigh go bhfuil an pasfhocal ar láimh agus go dtuigeann comhalta foirne conas an t-eolas a fháil ón gcóras.

Cartlann

- Caithfeadh taifid freastail/ leabhair rolla a choimeád, faoi mar a dtugtar cuntas air i gcáipéis seo Rialacha DCYA do Chlár Lacáiste an CCSP, i.e. ar feadh tréimhse íosta seacht mbliana ó dháta éagtha Chomhaontú Cistithe Chláir Lacáiste an CCSP 2020/2021.



TAIFEAD FREASTAIL SAMPLACH LINBH

Seomra:										
Seachtain dar Críoch: <i>/ - /</i>	Dé Luain		Dé Máirt		Dé Céadaoin		Déardaoin		Dé hAoine	
Ainm an Linbh	Am Teachta	Am Imeachta	Am Teachta	Am Imeachta	Am Teachta	Am Imeachta	Am Teachta	Am Imeachta	Am Teachta	Am Imeachta



TAIFEAD FREASTAIL SAMPLACH FOIRNE

Seomra:										
Seachtain dar Críoch: / /	Dé Luain		Dé Máirt		Dé Céadaoin		Déardaoin		Dé hAoine	
Ainm an Chomhalta Foirne:	Am Tosaigh:	Críoch: Am:	Am Tosaigh:	Críoch: Am:	Am Tosaigh:	Am Críochnaithe:	Am Tosaigh:	Am Críochnaithe:	Tús: Am:	Am Críochnaithe:

Caibidil 12: Comhlíonadh

12.1 Freagracht Soláthraí Seirbhíse

Tá freagracht ar an Soláthraí Seirbhíse comhlíonadh riachtanais a gComhaontaithe Cistithe a chinntiú, lena n-áirítear cloí leis an gcáipéis rialacha seo. Ba cheart do Sholáthraithe Seirbhíse a chinntiú go dtuigeann siad agus go gcloíonn siad le hábhair na cáipéise seo, anuas ar na comhaontuithe cistithe agus na Treoracha atá ar fáil ar thairseach an PIP. Má theipeann orthu amhlaidh a dhéanamh, beidh neamhchomhlíonadh mar thoradh air agus beidh gníomh ceartaitheach ag teastáil.

12.2 Comhad Comhlíonta

D'fhonn cuairteanna comhlíonta a dhéanamh chomh héifeachtúil agus is féidir i measc soláthraithe agus oifigigh ar cuairt ar aon, ba cheart go gcinnteodh soláthraithe seirbhíse go gcoimeádtar a gcomhad comhlíonta cothrom le dáta agus go gcuimsítear ann:

- Taifid Freastail
- Foirmeacha dearbhaithe tuismitheora PIP;
- Litreacha ó thuismitheoirí/chaomhnóirí;
- Taifid ar tháillí;
- Cáilíochtaí foirne agus litir cháilíochta;
- Dearbhú marthanaithe, de réir mar is infheidhme;
- Foirmeacha Caipitíochta Níos Airde;
- Fianaise gur cláraíodh le Tusla.

Caithfear an comhad comhlíonta a choimeád ar an láthair agus caithfidh go mbíonn fáil air lena iniúchadh ag gach tráth.

Ba cheart go gcinnteodh seirbhísí an méid seo a leanas, chomh maith:

- Tá clárú an PIP i gceart,
- Taispeántar an liosta Táillí an PIP agus an féilire an PIP, i gcás gach clár faofa cistithe, go soiléir do thuismitheoirí, agus
- **Tá comhalta foirne ar an láthair ag gach tráth a bhfuil rochtain aige/aici ar an gcomhad comhlíonta agus ar féidir leis/léi an chuairt a éascú. Má theipeann ort an rud céanna a dhéanamh, b'fhéidir go gceapfar go mbeidh seirbhís neamhchomhlíontach.**

Tabhair faoi deara, le do thoil, má tá fáil gan stró ar na taifid chun athbhreithniú a dhéanamh orthu, ní chuirfear isteach, ach a laghad, ar an tseirbhís, seachas soiléiriú a lorg, nuair is gá.

Chun cabhrú le seirbhísí riachtanais Chlár Lacáiste an CCSP a shásamh, cuireann an Roinn agus Pobal réimse oiliúna agus tacaíochtaí ar fáil. Áirítear leo seo

- Treoir Chomhlíonta do Sholáthraithe Seirbhíse
- Tacaíochtaí agus comhairle ó do CCC áitiúil
- An Treoir Dhea-Chleachtais maidir le Taifid Freastail a Choimeád

- Seicliostaí Comhlíonta do gach clár

Oibríonn an Roinn go leanúnach chun acmhainní breise a sholáthar chun tacú le soláthraithe.

Spreagtar soláthraithe go tréan chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na tacaíochtaí seo, roimh agus i ndiaidh cuairteanna comhlíonta, lena chinntiú go leanann siad le rialacha scéime a chomhlíonadh.

12.3 Cuairteanna Comhlíonta

- Caithfidh seirbhísí cuairteanna comhlíonta a éascú a thabharfar gan fhógra, rochtain ar an áitreabh, an pearsanra agus na taifid ábhartha ina measc.
- Caithfidh an cháipéisíocht go léir a bhaineann le gnóthaí airgeadais na seirbhíse, cuntais, taifid táillí, cáilíochtaí foirne, an PIP, liostaí táillí, cláir agus taifid freastail ina measc a bheith ar an láthair ag gach tráth. Caithfear na taifid seo a choimeád do thréimhse íosta seacht mbliana ó dháta éagtha an Chomhaontaithe Cistithe.
- Is féidir le hoifigigh cuairte comhlíonta aon leabhair, taifid nó cáipéisí eile (leabhair, taifid nó cáipéisí ina measc a stóráiltear i bhfoirm neamh-inléite) a iniúchadh nó cóipeanna nó sleachta a ghlacadh díobh, a dtagann sé/sí orthu i gcaitheamh a c(h)igireacht a dhéanamh.

Caibidil 13: Force Majeure

13.1 Force Majeure agus Cistiú

Ceadaíonn Force Majeure do pháirtí chun tabhairt faoina (h)oibleagáidí a chur ar fionraí nó deireadh a chur leo nuair a thagann cúinsí áirithe aníos nach bhfuil smacht acu orthu.

Níl oibleagáid ar bith ar an Roinn chun laethanta ‘force majeure’ a chistiú agus déantar amhlaidh ar a rogha féin.

Baineann beartas force majeure DCYA le force majeure conarthach (ní hionann sin agus force majeure fostóra).

13.2 Clásal Force Majeure

“Más rud é go gcuireann agus má chuireann cúinsí bac nó cosc ar Sholáthraí Seirbhíse nach bhfuil laistigh dá c(h)umas réasúnta a rialú, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do, gníomhartha Dé, drochaimsir, tuile, tintreach, dóiteán, díospóidí trádála, stailceanna, glasáil amach, gníomhartha sceimhlitheoireachta, cogadh, oibríochtaí míleata, eipidéim, paindéim, gníomhartha nó easnaimh tríú páirtithe nach bhfuil an Páirt a ndearnadh Dífear dó/di freagrach astu (“Force Majeure”) ó thabhairt faoi aon chinn dá (h)oibleagáidí faoi Chomhaontú Cistithe Chlár Lacáiste an CCSP, bainfear dliteanas den Pháirtí a ndearnadh Dífear dó/di as teip ar thabhairt faoi na hoibleagáidí siúd.”

Tagairt: 12.2 Comhaontú Cistithe Chlár Lacáiste an CCSP 2020/2021

13.3 Teagmhas Force Majeure a Thabhairt le Fios

Caithfidh Soláthraithe teagmháil a dhéanamh le Pobal le hiad a chur ar an eolas go bhfuil sé ar intinn acu force majeure a éileamh ag tús an teagmhais atá i gceist, agus cuntas gearr a thabhairt ar an tsaincheist agus ar an líon laethanta a mheastar go mbeidh an tseirbhís dúnta.

13.4 Spriocdháta an Phróisis Éilimh Force Majeure

Ba cheart do Sholáthraithe Seirbhíse force majeure a éileamh go foirmiúil ar Pobal trí pipdocuments@pobal.ie tráth nach déanaí ná trí lá i ndiaidh an teagmhais, fiú má bhíonn an teagmhas ar bun go leanúnach.

Caibidil 14: Feighlithe Leanaí

14.1 Cur Síos ar an Lacáiste

Cuireann Feighlí Leanaí cúram ar fáil do leanaí neamhghaolta ó aois na breithe go 14 bliana (luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile san áireamh) ina gcuirtear cúram ar fáil do leanaí laistigh de shuíomh theaghlach an fheighlí leanaí.

14.2 Clárú le Tusla ag Feighlithe Leanaí

Caithfidh feighlithe leanaí a bhfuil conradh acu do Chlár Lacáiste an CCSP a bheith cláraithe le Tusla. Le bheith cláraithe le Tusla, caithfidh feighlí leanaí na riachtanais a shásamh d'fheighlithe leanaí faoi mar a dtugtar cuntas orthu i [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\), \(Leasuithe\), 2016](#) agus [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Aoise Scoile a Chlárú, 2018\)](#).

Faoin na rialacháin, má tá aire á tabhairt ag feighlí leanaí do mheascán de leanaí réamhscoile agus ar aois scoile, leagtar amach i **dTábla 4** thíos na líonta uasta de leanaí ar féidir leo cúram a thabhairt dóibh ag an am céanna.

Tábla 4 Líonta Uasta Feighlithe Leanaí

Líon na leanaí réamhscoile a bhfuil cúram á thabhairt dóibh (0-6 bl.)	Líon uasta na leanaí ar aois scoile (6+ bl.)
0	12
1	10
2	7
3	5
4	2
5	1

Chun teacht ar eolas breise ar na ceanglais rialála d'fheighlithe leanaí, féach, le do thoil [an Creat Cáilíochta agus Rialála d'Fheighlithe Leanaí](#) (an CCR) ar láithreán gréasáin Tusla.

Caibidil 15: An Fóirdheontas Athlonnaíochta um Chúram Leanaí Pobail (CCSR)

15.1 Léargas Ginearálta ar an CCSR

Clár a bhí san Fhóirdheontas Athlonnaíochta um Chúram Leanaí Pobail (Community Childcare Subvention Resettlement, CCSR) a d'fhreastail go sonrach ar riachtanais chúram leanaí do Theifigh Chláir chun cabhair a thabhairt do thacú lena n-athlonnú agus a n-imeascadh isteach i sochaí na hÉireann. D'fhreastail an clár i dtosach ar leanaí a shine le 6 bliana d'aois d'fhad 60 seachtain. Rinneadh an scéim a fhairsingiú, áfach, chun leanaí ar aois scoile a chuimsiú a shine le 12 bhliain d'aois, an aois sin san áireamh, i rith téarma neamhscoile (thart ar 14 seachtaine i rith saoirí scoile) i gcaitheamh tréimhse dhá bliain.

Nuair nár chríochnaigh leanbh a bhí cláraithe i gclárbhliain 2019/20 an 15 Samhain 2019, a dtréimhse iomlán chúram leanaí faoi Chlár an CCSR, is féidir an tréimhse seo a chaitheamh i rith chlárbhliain 2020/2021.

Níl an clár seo ar oscailt do leanaí nach raibh cláraithe roimhe seo an 15 Samhain 2019. Caithfidh leanaí le Dídeanaithe Cláir nach raibh cláraithe roimhe seo a bheith urraithe go díreach ag Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas faoin NCS. Áirítear leis seo siblíne leanaí atá cláraithe ar an CCSR.

15.2 Cáilitheacht don CCSR

Deimhnítear cáilitheacht an tuismitheora/chaomhnóra a dhéanann iarratas i litir ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Cuirfear Foirm Dhearbhaithe Tuismitheora an CCSR ar fáil do na Soláthraithe Seirbhíse ábhartha nach mór dóibh an fhoirm seo a líonadh de lámh agus í a choimeád ar mhaithe le comhlíonadh.

Ní chuirfidh seirbhísí áiteanna cúram leanaí ar fáil ach ó cheann amháin nó níos mó de na leibhéil seirbhíse seo a leanas. Baineann ráta éagsúil íocaíochta le gach saghas socrúcháin.

- Áiteanna páirtaimseartha (idir 3 huair an chloig agus 31 nóiméad agus 5 huair an chloig sa lá)
- Áiteanna seisiúnacha (idir 2 uair an chloig agus 16 nóiméad agus 3 huair an chloig sa lá)

15.3 Rátaí Chlár an CCSR

- Tá bunráta €145 sa tseachtain iníoctha, do chúram leanaí páirtaimseartha (a mhéid le 5 huair an chloig sa lá), i gcaitheamh 5 lá sa tseachtain do gach leanbh faofa d'fhad incháilithe a n-áite sa chúram leanaí.
- Tá bunráta €72.50 sa tseachtain iníoctha do chúram leanaí seisiúnacha (idir 2 uair an chloig agus 16 nóiméad agus 3 huair an chloig agus 30 nóiméad) a mhéid le 5 lá sa tseachtain.

15.4 Beartas Táillí agus an CCSR

Ní féidir iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí **aon** ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh i dtreo chostas cúram leanaí a linbh. Áirítear leis seo éarlaisí áirithe agus roghanna breise.

15.5 Leanbh a iontráil ar Chlár an CCSR

Caithfidh gur shínigh seirbhísí leis an gcomhaontú cistithe do chlár Lacáiste an CCSP d'fhonn clárú an CCSR a sheoladh ar aghaidh. Caithfidh an Bainisteoir Seirbhíse a dheimhniú agus a chomhaontú le tuismitheoirí/caomhnóirí an líon laethanta, saghas an tseisiúin agus an patrún freastail a bhfuil an leanbh á chlárú dóibh sula gcláraítear an leanbh d'áit san CCSR ar an PIP. Caithfidh an soláthraí cúram leanaí taifead den chomhaontú seo a choimeád.

Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse leanaí a chlárú faoin CCSR ar chóras ar líne an PIP. Féach, le do thoil, an Treoir maidir Conas Clárú don CCSR atá ar fáil trí leathanach baile an PIP. Íocfar fóirdheontas i dtaca le leanaí incháilithe le héifeacht ó dháta tosaithe an linbh.

15.6 Rialacha Freastail don CCSR

Riartar an CCSR faoi Chlár Lacáiste an CCSP agus déanann na rialacha céanna é a rialáil.

Caibidil 16 An Fóirdheontas Uilíoch um Chúram Leanaí Pobail (CCSU)

16.1 Léargas Ginearálta ar an CCSU

Sular seoladh an NCS agus mar chuid de bheartas rialtais chun cúram leanaí a dhéanamh níos inacmhainne, thug an CCSU, ar fóirdheontas é a mhéid le €20 sa tseachtain, isteach do leanaí idir aois 6 mhí agus níos sine agus an chéad phointe incháilithe iontrála chuig scéim ECCE. Cuireadh an fóirdheontas seo ar fáil do theaghlaigh nach raibh incháilithe ar bhealach eile do chúram leanaí fóirdheonaithe faoi aon chinn de na sprioc-chláir chúram leanaí ag an am.

Amhail ó thosach an NCS an 20 Samhain 2019, caithfidh tuismitheoirí leanaí idir aois 6 mhí agus níos sine agus an chéad phointe incháilithe iontrála ar chlár ECCE iarratas a dhéanamh anois ar an bhfóirdheontas seo iad féin faoin NCS. Tá eolas ar fáil ag www.ncs.gov.ie.

16.2 An CCSU faoi Chlár Lacáiste an CCSP

Tá an CCSU ar fáil do gach leanbh idir aois 6 mhí agus níos sine agus an chéad phointe incháilithe iontrála ar chlár ECCE a bhí cláraithe don CCSU an 15 Samhain 2019. Is féidir le tuismitheoirí leanaí incháilithe a roghnú chun leanúint de bheith rannpháirteach ar an CCSU go dtí go mbaineann siad an chéad phointe incháilithe iontrála ar chlár ECCE amach.

16.3 Cáipéisí riachtanacha

Caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir PPSN agus dáta breithe an linbh a sholáthar, anuas ar PPSN an tuismitheora. **Caithfear cáipéisíocht a chuimsíonn eolas faoi PPSN a mhilleadh a luaithe nach dteastaíonn sí a thuilleadh.**

16.4 Rátaí Cláir

Is é fóirdheontas uasta seachtainiúil an CCSU €20 do chúram leanaí lánaimseartha faoi Chlár Lacáiste an CCSP. Mar gheall go n-íoctar fóirdheontais Chlár Lacáiste an CCSP faoi láthair de réir shaghas an tseisiúin, i.e. lánaimseartha, páirtaimseartha, seisiúnach, leathsheisiúnach, íocfar an ráta uasta uilíoch seachtainiúil fóirdheontais €20 ar bhonn pro-rata de réir shaghas an tseisiúin.

Tábla 5 Rátaí an Fhóirdheontais Uilíoch (an CCSU)		
Saghas an tSeisiúin	Fóirdheontas Seachtainiúil	Fóirdheontas Laethúil
Lánaimseartha (i.e. 5 huair sa lá, ar a laghad)	€20	€4
Páirtaimseartha (i.e. idir 3:31 agus 5 huair sa lá)	€10	€2
Seisiúnach (i.e. idir 2:16 agus 3:30 sa lá)	€7	€1.40
Leathsheisiúnach (i.e. idir 1:00 agus 2:15 sa lá)	€3.50	€0.70

16.5 Rialacha Chlár an CCSU

Riartar an CCSU faoi Chlár Lacáiste an CCSP agus déanann na rialacha céanna é a rialáil.

Caibidil 17: Riachtanais Airgeadais

17.1 Freagrachtaí Soláthraí Seirbhíse

Riachtanas buntábhachtach is ea é go gcuirtear an t-airgead go léir i dtaifead go cuí agus go n-úsáidtear iad ar an gcuspóir ar beartaíodh iad.

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse eolas cothrom le dáta faoi leanaí a chlárú ar an PIP.

Coimeádfaidh an Soláthraí Cláraithe taifid chúil lena chur ar chumas na Roinne nó gníomhairí a ghníomhaíonn thar a ceann (Pobal ina measc) a fhíorú go gcomhlíontar téarmaí ginearálta Chomhaontú Cistithe Chlár Lacáiste an CCSP.

Áireofar an méid seo a leanas leis na taifid siúd, ach go háirithe;

- (1) **Clár freastail ina léirítear go soiléir dátaí, amanna agus faid an fhreastail do gach leanbh a shainnítear ar bhonn aonair gach lá a fhreastalaíonn an leanbh;**
- (2) Comhaontuithe tuismitheora ina leagtar amach an méid seachtainí cúram leanaí agus an líon uaireanta cúram leanaí gach seachtain a comhaontaíodh a chur ar fáil maidir leis an Lacáiste incháilithe agus gealltanais an tSoláthraí Seirbhíse chun an fóirdheontas a sheach-chur go hiomlán in aghaidh na táille a comhaontaíodh, a shínigh an tuismitheoir (Foirm Dhearbhaithe Tuismitheora).
- (3) Tá taifid ar ioncam, fáiltas ó thuismitheoirí san áireamh, le coimeád cothrom le dáta agus ar fáil ar mhaithe le cuspóirí fíoraithe.

Má theipeann ar an Soláthraí Seirbhíse taifid chruinne tinrimh agus/nó na sonraí faoi chlárúchán an linbh a nuashonrú go cruinn, faoi mar a iarrtar i gComhaontú Cistithe Chlár Lacáiste an CCSP, cuirfear cistiú Chlár Lacáiste an CCSP ar fionraí láithreach agus/nó b'fhéidir go mbeidh gá le hairgead a ró-éilíodh a íocadh cheana féin a aisíoc agus b'fhéidir go ndéanfar deireadh a chur le Comhaontú Cistithe Chlár Lacáiste an CCSP.

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse cuntais chúil bhliantúla do gach bliain airgeadais i gcomhréir leis na hamscálaí a leagann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) amach (do chuideachtaí teoranta) nó a leagann na Coimisinéirí Ioncaim amach (le haghaidh aonáin neamhchorpraithe). Caithfear cóipeanna de na cuntais siúd a sholáthar do Pobal nó don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG) ar iarraidh. Is féidir le Pobal eolas a roinnt a dtagtar uirthi i gcaitheamh seiceáil rialachais, iniúchóireachta nó comhlíonta leis na húdaráis ábhartha, an méid seo a leanas ina measc ach gan bheith teoranta dó; Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Rialálaí Carthanais, agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cuirfidh an Soláthraí Seirbhíse an t-airgead go léir a fuarthas ó Pobal a bhaineann go díreach nó go hindíreach le hoibriú Chlár Lacáiste an CCSP a chur i gcuntas laistigh dá chuntais bhliantúla agus cinnteoidh sé/sí go gcoimeádtar taifid airgeadais chúil.

Léireoidh an Soláthraí Seirbhíse meas ar agus comhlíonfaidh sé/sí an ról reachtúil agus freagrachtaí rialála agus cuntasachta poiblí na Roinne, a gníomhairí agus comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus ag gach tráth, comhoibreoidh sé/sí go hiomlán leis an Roinn, a gníomhairí agus gach comhlacht reachtúil eile ina leith seo.

Cinntoidh an soláthraí Seirbhíse go mbíonn na taifid airgeadais go léir a bhaineann le hairgead a fuarthas maidir le hoibriú Chlár Lacáiste an CCSP ar fáil do Pobal ar iarraidh. Caithfear na taifid airgeadais go léir, taifid freastail etc. san áireamh, a choimeád ar feadh tréimhse 7 bliana.

17.2 Nósanna Imeachta Tarraingthe Siar agus Aisghabhála

B'fhéidir go ndéanfar soláthraithe seirbhíse a ró-íoc, ag amanna, i gcaitheamh na bliana ar roinnt cúiseanna mar gheall ar aistrithe, dúnadh, etc. Má ró-íocadh seirbhís ag deireadh na bliana (nó ar sheirbhís a dúnadh), eiseofar fógra leasaithe leithdháilte Chlár Lacáiste an CCSP agus caithfear aon chistiú barrachais Chlár Lacáiste an CCSP a íoc ar ais le Pobal.

Tá an ceart ar cosaint ag DCYA agus/nó Pobal, (thar ceann DCYA), chun ró-íocaíochtaí a fhorchúiteamh a rinne clár cistithe cúram leanaí amháin ó airgead atá le híoc le ceann eile. Déanfaidh Pobal idirchaidreamh le seirbhísí a n-imríonn aistarraingt/aisghabháil tionchar orthu chun comhaontú a dhéanamh ar phlean cuí aisíocaíochta.

Caibidil 18: Ceisteanna Coitianta maidir le Clár Lacáiste an CCSP (CCSU agus CCSR san áireamh)

- 1. An féidir le leanbh freastal ar Chlár Lacáiste an CCSP i mbreis agus seirbhís amháin?**
Is féidir. Ceadaítear é seo a fhad agus nach sáraíonn na laethanta iomlána a fhreastalaíonn an leanbh cúig lá iomlána.
- 2. Cathain a fhaomhfar bandaí?**
Glacann sé thart ar idir 15 agus 20 lá oibre chun clárúcháin a phróiseáil.
- 3. An gá dom fóirdheontas tuismitheora/caomhnóra a thabhairt sula bhfaomhann DCYA an ráta banda?**
Ní gá. Níor cheart do Sholáthraithe Seirbhíse fóirdheontas a thabhairt go dtí gur faomhadh na bandaí. Ar a bhfaomhadh, áfach, caithfear méid iomlán an fhóirdheontais a aisíoc leis an tuismitheoir/caomhnóir laistigh de thréimhse ceithre seachtaine.
- 4. An féidir liom fóirdheontas an tuismitheora/chaomhnóra a thabhairt sula bhfaomhtar an ráta banda an fhóirdheontais?**
Níor cheart do sheirbhís an fóirdheontas a thabhairt do thuismitheoir/chaomhnóir sula bhfaomhtar an ráta banda, ach más mian le seirbhís oibleagáid a chur ar na tuismitheoirí/caomhnóirí, áfach, trí fhóirdheontas a thabhairt dóibh ar a gcostais chúram leanaí sula bhfaomhann Pobal na bandaí, **déanann siad amhlaidh ar a bpríocal féin** agus spreagtar iad cruthúnas i leith cáilitheachta a iarraidh ón tuismitheoir/caomhnóir lena dhearbhu gur dóchúil go bhfaomhfar an banda a iarrtar. Ba cheart do sholáthraithe a mheabhú do thuismitheoirí go bhfuil siad faoi dhliteanas i gcónaí as an méid iomlán mura bhfaomhtar a ráta banda
- 5. Cén tuismitheoir/caomhnóir ar cheart an clárú do Chlár Lacáiste an CCSP a dhéanamh faoi/fúithi le faomhadh cuí banda a chinntiú?**
Ba cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí machnamh a dhéanamh ar cháilitheacht do Chlár Lacáiste an CCSP nuair a dhéantar cinneadh faoi seo. Ní dhéantar seiceálacha cáilitheachta ach ag tús na clárbhliana. Tabhair faoi deara, le do thoil, is é an tuismitheoir/caomhnóir ar an gclárú a bheidh sa tuismitheoir/caomhnóir a dheimhneoidh Pobal. Féadfaidh an bainisteoir cúram leanaí cabhrú leis an tuismitheoir/caomhnóir a dheimhniú a bhainfidh an fóirdheontas is airde amach. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an Soláthraí Seirbhíse nó an tuismitheoir/caomhnóir teagmháil a dhéanamh lena CCC áitiúil leis an gceist seo.
- 6. An féidir liom cinneadh a rinneadh cheana féin ar chlárú a achomharc?**
Is féidir. Beifear in ann cáipéisí cáilitheachta maidir leis an gclárú a sheoladh ar aghaidh i ndiaidh gur bronnadh banda agus déanfaidh Pobal athbhreithniú orthu seo.
- 7. Cad a tharlaíonn má bhíonn leanbh as láthair agus mura bhfreastalaíonn sé/sí ar feadh tréimhse ama?**
Ba cheart déileáil le hasláithreacht faoi mar is gnách agus laistigh de Rialacha DCYA do Chlár Lacáiste an CCSP.
- 8. An féidir le leanbh an stádas Lacáiste a chailleadh?**
Is féidir. A luaithe a sheolann tuismitheoir éileamh ar aghaidh do leanbh atá rannpháirteach sa Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta, caillfidh siad a dteidlíocht do stádas Lacáiste.

Má fhágann leanbh seirbhís go deonach, tugtar an tréimhse fógra 4 seachtaine dóibh chun glacadh le háit chúram leanaí ar Chlár Lacáiste an CCSP i seirbhís chláraithe chun a “stádas Lacáiste” a choimeád.

Faoi chúinsí inar gá don leanbh seirbhís a fhágáil go neamhdheonach, e.g. dúnadh seirbhíse, tá go dtí deireadh tréimhse leanúnach 12 sheachtain acu chun glacadh le háit chúram leanaí ar Chlár Lacáiste an CCSP i seirbhís chláraithe chun a ‘stádas Lacáiste’ a choimeád. Ar an ábhar sin, caithfidh an leanbh a bheith ag freastal ar sheirbhís faoi dheireadh an 12ú seachtain. Déantar na 12 sheachtain a shainiú de réir seachtainí neamhíocaíochta/neamh-iníochta.

Cuirtear tús leis an tréimhse 12 seachtain ón tseachtain dheireanach a d’fhreastail an leanbh.

9. Cad a tharlaíonn má bhíonn leanbh as láthair mar gheall ar chúinsí speisialta?

Sna cásanna a liostaítear sna ‘Cúinsí Speisialta’, chuirfí tús leis an tréimhse 12 sheachtain ón dáta deiridh a críochnaíodh an clárú.

10. Mura féidir le leanbh clárú do Chlár Lacáiste an CCSP, an bhfuil aon tacaíochtaí eile ar fáil?

Is féidir. Tá an NCS ar oscailt le haghaidh clárúcháin ón 20 Samhain 2019.

11. An féidir leanbh a chlárú ar an NCS agus ar Chlár Lacáiste an CCSP don tréimhse céanna?

Ní féidir. A luaithe a seoladh éileamh ar aghaidh do leanbh ar an NCS, ba cheart don Soláthraí Seirbhíse dáta deiridh a lua leis an gclárú do Chlár Lacáiste an CCSP. A luaithe a sheolann Soláthraí Seirbhíse éileamh ar chlárú leis an NCS ar aghaidh, níl an leanbh incháilithe a thuilleadh do Chlár Lacáiste an CCSP.

12. Tá leanbh ag aistriú ó sheirbhís amháin chuig ceann eile, nuair nár scaoileadh le cistiú Chlár Lacáiste an CCSP

Nuair a aistrítear leanbh ó sheirbhís amháin chuig seirbhís eile agus mura scaoiltear cistiú, ní bheidh an leanbh in ann páirt a ghlacadh i gClár Lacáiste an CCSP go dtí an tráth sin gur seirbheáladh an tréimhse fógra 4 seachtaine.

13. Tá a seoladh / a struchtúr dlíthiúil/ a húinéireacht á hathrú ag mo sheirbhís, cad ba cheart dom a dhéanamh?

Má tá athrú cúinse ag teacht ar do sheirbhís, faoi mar a liostaítear thuas, beidh ort, mar chuid den phróiseas, Fágálaí a chruthú do gach clárú don tseanseirbhís, agus na leanaí céanna agus an tuismitheoir céanna a athchlárú in aghaidh na seirbhíse nua sa chéad Fhuinneog Bhainistíochta Lacáiste eile atá ar fáil. Déanfaidh Pobal athbhreithniú ar gach clárúcháin agus má tá siad incháilithe don Lacáiste, bronnfaidh sé an banda céanna a bronnadh don bhunchlárú.

14. Tá mo sheirbhís á dúnadh agam. An mbeidh mo chlárúcháin Lacáiste incháilithe le clárú a dhéanamh i seirbhís nua?

Is féidir. Leanann an stádas Lacáiste an leanbh. A fhad agus atá clárú bailí ag leanbh, beidh siad in ann clárú i seirbhís nua i gcaitheamh na bliana (faoi réir na rialach 12 sheachtain, faoi mar a dtugtar cuntas air in 4.3). A fhad agus atá an leanbh clárú le leis an tuismitheoir céanna, bronnfaidh Pobal an banda a bronnadh don bhunchlárú. Ní dhéanfar aon seiceálacha nua cáilitheachta i rith Fuinneoga Bainistíochta Lacáiste.

15. Tugadh cuairt chomhlíonta ar mo sheirbhís agus tá orm leasuithe a dhéanamh ar chlárúcháin. Cad ba cheart dom a dhéanamh?

Caithfidh tú na leasuithe comhlíonta a chríochnú i rith na chéad Fhuinneoge Bhainistíochta Lacáiste eile.

16. An féidir le feighlí leanaí iontráil isteach i gconradh do Chlár Lacáiste an CCSP?

Is féidir. Is féidir le feighlí leanaí iontráil i gconradh do Chlár Lacáiste an CCSP a luaithe a shásaíonn siad na riachtanais maidir le seirbhís feighlíochta leanaí, faoi mar a dtugtar cuntas orthu i [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Leasuithe\), 2016](#) agus [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Aoise Scoile a Chlárú\), 2018](#) agus a luaithe a bhíonn siad cláraithe le Tusla.

17. Cathain a dhéantar íocaíochtaí?

Is féidir sceidil íocaíochta do Chláir Chistithe Cúram Leanaí a íoslódáil ó leathanach baile an PIP ag www.pobal.ie. Cuirfear clárúcháin nuashonraithe san áireamh in íocaíochtaí fóirdheontas laistigh d'Fhuinneoga Bainistíochta Lacáiste.

18. Tugadh an litir cheart cháilitheachta dom ach cistíodh an leanbh cheana féin don CCSR i seirbhís eile?

Féadfaidh leanaí atá incháilithe don CCSR aistriú idir seirbhísí d'fhonn gluaiseacht idir Ionaid Ghlacktha agus a bpobail nua. Féach, le do thoil, an Treoir ábhartha atá ar fáil ar Leathanach Baile an PIP, chun teacht ar bhreis sonraí faoi conas clárú an linbh a bhainistiú.